Stíl Tí

Treoirlínte atá le cur i bhfeidhm ag an bhfoireann eagarthóireachta

Eanáir 2017

An Gúm

An Clár

Réamhrá 1

1 An Ghramadach agus an Phoncaíocht 3

2 Cineálacha Éagsúla Foilseachán: Dearadh agus Leagan Amach 18

Aguisín A: Séimhiú agus Urú i ndiaidh Figiúirí 21

Aguisín B: Teimpléid leathanach an Inphrionta 23

RÉAMHRÁ

Is é atá sa cháipéis seo ná treoir don fhoireann eagarthóireachta sa Ghúm le cur i bhfeidhm ar na cineálacha éagsúla téacsanna a bhíonn á réiteach don chló acu. Treoir ghinearálta atá ann maidir leis na ceisteanna coitianta a bhíonn le réiteach agus téacs Gaeilge á chur in eagar idir phointí gramadaí, poncaíochta agus leagan amach. Ní tráchtas cuimsitheach gramadaí í ná ní chlúdaítear inti ach oiread na pointí uile a bheidh le réiteach ag eagarthóir agus é nó í i mbun oibre. Is é a bheidh á leagan amach sa cháipéis seo ná na cleachtais atá á gcur i bhfeidhm sa Ghúm.

Cuid mhór de na ceisteanna ginearálta a bhaineann le téacs a chur in eagar nó a leagan amach i dteanga ar bith, beidh comhairle agus treoir ina leith le fáil sna foilseacháin iomadúla atá ann cheana. Sa Ghúm is iad *New Hart's Rules* agus an *MHRA Style Guide* an dá fhoilseachán is mó a bhíonn á gceadú i dtaca leis na ceisteanna sin. Níl sé i gceist anseo dul isteach go mion in aon ní a bhfuil treoir chinnte faoi le fáil sna saothair sin ach amháin má bhíonn gné ar leith le réiteach a bhaineann go sainiúil leis an nGaeilge.

Is iad na réimsí eagarthóireachta seo thíos a bheidh faoi thrácht sa cháipéis seo againn.

Cúrsaí Gramadaí

- Leantar na treoracha gramadaí atá leagtha amach in *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (2016, Baile Átha Cliath). Aon áit a moltar imeacht ón treoir a thugtar san fhoilseachán sin tá sé sainithe go sonrach sa Treoir Stíle seo. Tá mórán eolas breise le fáil chomh maith in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1999, Baile Átha Cliath), an t-eagrán leictreonach, agus faightear réiteach ann ar mhionphointí gramadaí nach bhfuil teacht orthu i saothair ghramadaí eile.

Leagan amach

- stíl maidir le leagan amach na réamhleathanach, admhálacha
- ainm údair, aistritheora
- eolas faoi uimhreacha ISBN
- áit/méid an lógó ar an gclúdach agus laistigh
- sonrú agus leagan amach gluaise
- eangú céad pharagraif
- leabharliosta
- innéacs

Cineálacha Éagsúla Foilseachán

- téacsleabhair bhunscoile agus iar-bhunscoile
- saothair thagartha
- foclóirí téarmaíochta
- leabhair do pháistí
- ficsean do dhéagóirí
- Ábhar *Séideán Sí*

Poncaíocht

- *MHRA*
- *Hart's Rules* (eagrán nua)
- nósanna tí – a.m./p.m. seachas r.n. agus i.n.
- spás gan bhriseadh a úsáid i gcás réamhfhocail chomhshuite, múnlaí áirithe gramadaí.
- fleiscíniú a chur ar ceal in Word.
- saincheisteanna a bhaineann le Gaeilge (giorrúcháin – RCh; an tAE/Ae, obair an/na CNCM etc)

1. AN GHRAMADACH AGUS AN PHONCAÍOCHT

Tá gramadach na Gaeilge casta go maith agus mórchuid rialacha ag baint léi. Bíonn cuid de na rialacha sin caolchúiseach agus mionchúiseach agus ní bhíonn siad le cur i bhfeidhm ach go hannamh. Cúram an eagarthóra is ea an chastacht ghramadaí a sheachaint agus téacs atá inléite agus intuigthe a sholáthar. Tá mórchuid saothar gramadaí foilsithe le leathchéad bliain anuas agus ar an mórgóir is gá a rá go bhfuil siad go léir a bheag nó a mhór ag teacht le chéile maidir leis na príomhrialacha a bhíonn le cur i bhfeidhm ar ábhar scríofa. Le foilsiú *Litriú agus Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* in 1958 agus *Foclóir Gaeilge-Béarla* in 1977 tugadh go leor rialacha agus pointí gramadaí chun réire. Chomh maith leis an gCaighdean Oifigiúil bíonn *Gráiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí, Réamhchúrsa Gramadaí* (Mac Giolla Phádraig), *Cruinnscríobh na Gaeilge* (Mac Murchaidh), *Irish Grammar: A Basic Handbook* (Mac Congháil), *Gramadach gan Stró* (Ó Dónaill) chomh maith le *In Ord is in Eagar* agus *Cruinneas* (Mac Lochlainn) mar áiseanna tagartha ag scata mór aistritheoirí, eagarthóirí agus ag daoine a bhíonn ag plé leis an teanga ar leibhéal sách mion.

Tarlaíonn sé in áiteanna go bhfuil neamhréir idir cuid de na saothair sin i dtaca le pointí áirithe gramadaí de, nó go bhfuil éiginnteacht ann maidir le ceartfheidhmiú na rialacha. Le foilsiú rialacha athbhreithnithe na gramadaí in *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (2016) tá treoir nuashonraithe ar fáil anois agus rialacha cuimsitheacha inleanta leagtha amach d'úsáideoirí na teanga scríofa. Tá roinnt pointí san eagrán nua den CO ar tháinig ceisteanna chun cinn ina dtaobh sa Ghúm. Tá leagtha amach faoi Alt 1.1 thíos toradh an phlé a rinneadh ar na ceisteanna sin agus an léamh atáthar a dhéanamh orthu.

1.1 An Caighdeán Oifigiúil: Léirmhíniú agus treoir i leith roinnt pointí

Do na caibidlí agus na hailt sa CO a thagraíonn na noda tagartha.

Caibidil 1: An tAlt

I dtaca leis an rogha atá ann glacadh le húrú i ndiaidh an ainmfhocail (in ionad séimhiú) i ndiaidh *den* agus *don* (*den gcrann)* agus i ndiaidh *sa* (*sa bpáirc*). cloítear leis an gcóras seanbhunaithe ach amháin sa chás go mbeadh ábhar canúnach á chur in eagar.

Maidir le húsáid an ailt le hábhair scoile (e.g. An Mhatamaitic, An Cheimic etc) úsáidtear an t-alt sa ghnáthshlí ach ní gá é a bheith ag gabháil leis an ainmfhocal i gcónaí – i gcás liosta nó a mhacasamhail sin, cuir i gcás.

Caibidil 2: An tAinmfhocal

An Comhfhocal (2.1.7): Easpa fleiscín i ndiaidh na réimíre *iar* nuair a bhíonn sé ag teacht roimh cheannlitir – *iarEagarthóir.* Toisc gur pointe stíle atá i gceist leis seo agus nach bhfuil treoir dhaingean ag baint leis leantar an nós seanbhunaithe agus an fleiscín a chur isteach roimh cheannlitir nó roimh fhocal dar tús 'r' – *iar-reachtaire, Iar-Cheannasaí etc.*

Caibidil 3: Ainmfhocail Chinnte agus Éiginnte, Giorrúcháin agus Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh

Giorrúcháin (3.2.1): Cloítear lena bhfuil leagtha amach ag 1.13 thíos ós é is iomláine, e.g. *sa BBC* a scríobhtar de réir Stíl Tí an Ghúim seachas *in BBC.*

Ainmfhocal cinnte nó éiginnte (3.3.2.(c)): Tá a bhfuil molta anseo ag teacht salach ar an gcleachtas atá á chur i bhfeidhm le fada sa Ghúm mar atá sonraithe faoi 1.8 thíos – *foilseacháin Mhuintearas* (ST) v *foilseacháin Muintearas* (CO), *fostaithe Chóras Iompair Éireann* (ST) v *fostaithe Córas Iompair Éireann* (CO). Toisc gur pointe stíle atá i gceist agus go bhféadfadh an nós nua castachtaí a thabhairt chun cinn tá beartaithe cloí leis an nós a bhí á chur i bhfeidhm go dtí seo agus atá sonraithe faoi 1.8. thíos. Déanfar athbhreithniú ar an mír seo i gceann bliana.

Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi Réir ag Ainm Briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a as do*) roimhe (3.3.9): Tugtar faoi deara go bhfuil an aidiacht éiginnte *aon* luaite i dTábla 3B agus gur athrú é sin ar an rud a bhíodh ann nuair a leanadh an ginideach 'aon' sa sampla - *An bhfuil sí ag réiteach aon straitéis chun déileáil leis.*

Caibidil 6: An Dobhriathar

Dobhriathar breischéime, e.g *níos, ní ba* Tugtar faoi deara gur féidir *níos* a úsáid sna haimsirí go léir (na haimsirí stairiúla san áireamh). Moltar é sin a dhéanamh i gcás téacsleabhair bhunscoile agus iar-bhunscoile i gcónaí.

Beidh cinneadh ar leith le déanamh i gcás gach aon saghas saothair eile cé acu *níos,* nó *ní ba, ní b'* a bheidh le húsáid, bunaithe ar chineál an tsaothair agus ar an spriocghrúpa léitheoirí ar a bhfuil sé dírithe.

Caibidil 7: An Chopail

Cloítear leis an bhfoirm choibhneasta *ba ea* (7.2.1B(d)) de réir nós seanbhunaithe an tí. Ar an gcuma chéanna cloítear le *gur* agus *gurbh* in áit *go mba* agus *go mb'* (7.2.2.B(a))ach amháin sa chás go n-éileodh an chanúint a leithéid.

Caibidil 9: An Uimhir

Bíodh nach bhfuil sé luaite sa chaibidil seo sa CO is é an leagan uatha den alt atá le húsáid sa chás go mbeadh an múnla *62 bó mhór* i gceist – *an 62 bó mhór* agus mar an gcéanna *an seasca a dó bó mhór.*

An tAlt leis na Bunuimhreacha 1-19 (9.3.5(a)): Ba cheart 'dó dhéag' a bheith luaite le (iii) chomh maith mar a sonraítear go dtéann an leagan uatha den alt le *dá*, e.g. *an dá chapall déag.*

Caibidil 10: Na hAthruithe Tosaigh

I ndiaidh Ainmfhocal Baininscneach (10.2.7(j)): Maidir leis an liosta ainmfhocal ar leith a thugtar faoin mír seo is i gcomhthéacs bhrí an ainmfhocail mar fheidhm amháin nach mbíonn séimhiú á leanúint seachas sa ghnáthbhrí aidiachtach a bheadh ag gabháil leis an bhfocal, e.g. *comhairle contae* ach *comhairle bhreise, oifig mótarchánach* ach *oifig thosaigh.*

I ndiaidh Ainmfhocal atá sa Ghinideach (10.2.9): Nótáiltear gur athrú í an riail sin ar an nós seanbhunaithe sa teach an séimhiú a chur i bhfeidhm ina leithéid sin de chás.

Caibidil 11: An Clásal Coibhneasta

An Clásal Coibhneasta Indíreach (11.3.1(g)): I gcás na ndobhriathra ama cloítear leis an nós an clásal coibhneasta indíreach a úsáid – *cén lá a dtosóidh tú? Cibé lá a dtiocfaidh sé*.
An mhír choibhneasta dhíreach a úsáidtear i ndiaidh *uair* i gcónaí, áfach.

Pointí poncaíochta agus gramadaí eile

1.2 Idir

Séimhiú a leanann idir sa chiall 'araon' (*bhí idir fhir agus mhná i láthair*) nó 'i measc' (*bhí carthanacht le brath idir dhaoine*) de ghnáth ach amháin nuair is achar ama nó spáis idir dhá rud atá i gceist (*idir Corcaigh agus Luimneach, idir Bealtaine agus Meán Fómhair*).

1.3 An Fhoirm 'thú/tú' i ndiaidh na copaile

Leantar an treoir mar atá tugtha in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1999), Alt 13.2, mar atá:

> Úsáidtear *thú* mar chuspóir briathair: *molaim thú, caillfear thú*, agus nuair is ainmní é ar lorg na faisnéise in abairt chopaileach: *mo cheol thú*; *chugam aniar thú*; *cér díobh thú*?
>
> Is gnách go n-úsáidtear *tú* sna cásanna eile; *ar chuala tú? is tú an captaen*; *nach tú an óinseach! ach tú*; *gan tú*; *tú a bheith i ngrá*; *agus tú déanach.*

Dá réir sin is iad na leaganacha seo a leanas an ceart:

> Is dochtúir thú.
> An tú an dochtúir ar dualgas?

1.4 An séimhiú i ndiaidh réamhfhocal simplí i gcás liosta

Ní gá an réamhfhocal a chur isteach ach aon uair amháin i gcás liosta i dtéacsleabhar nó sa chás go mbeadh áireamh ar mhórchuid rudaí a bheadh ar aon stádas san abairt ní gá ach an séimhiú a chur i bhfeidhm ar an gcéad ainmfhocal. A leithéid seo:

> Gearradh na cánacha sin ar fheirmeoirí, dochtúirí, banaltraí, múinteoirí agus státseirbhísigh.

Ach mura mbíonn i gceist ach dhá rud cuirtear an réamhfhocal agus an séimhiú i bhfeidhm faoi dhó:

> Díon a chur ar thithe agus ar bhotháin.

1.5 An séimhiú i ndiaidh réamhfhocal simplí i gcás ainmneacha dílse

Más liosta d'ainmneacha dílse atá i gceist cuirtear an réamhfhocal agus an séimhiú i bhfeidhm ar gach aon cheann acu mar seo a leanas:

An caipín a chur ar Sheán, ar Mháire agus ar Phádraig ar a seal.

1.6 Ar dheis/ar chlé

Bíodh go bhfuil *ar deis agus ar clé* le fáil in FGB, moltar an nós atá bunaithe sa chaint le fada a leanúint agus *ar dheis* agus *ar chlé* a úsáid nuair is ag cur síos ar shuíomh duine nó ruda atáthar. Tugtar faoi deara gurb é an nós seo atá in úsáid sa leagan Gaeilge de chláir ríomhaireachta Microsoft.

1.7 An t-alt roimh 'céad' móide uimhir móide ainmfhocal

Níl na foinsí tagartha ar aon fhocal faoin bpointe seo. Tá a leithéid seo mar shampla molta ag FGB *an chéad chúig chapall* (the first five horses) agus moltar cloí le cur chuige FGB agus an fhoirm uatha den alt a úsáid roimh 'céad' chomh maith i dtreo is gurb é an leagan uatha den alt a úsáidtear leis na horduimhreacha uile, céad, dara, tríú etc. Is é a leithéid seo thíos an nós is inleanta mar sin:

an chéad chúig chapall
an dara cúig chapall

Má bhíonn aidiacht agus ginideach i gceist leantar an nós céanna:

seitreach an chéad chúig chapall mhóra

I gcás na n-uimhreacha 'céad', 'míle' etc. a n-úsáidtear an uimhir uatha den alt leo i gcónaí (an céad fear, an ceithre chéad capall) beidh an uimhir uatha den alt le húsáid mar an gcéanna le 'céad' (1ú) agus é ag teacht rompu mar seo a leanas:

an chéad chéad teach a tógadh ar an mbaile

an chéad mhíle duine a bhain an áit amach

1.8 Teidil Leabhar, Irisí, Comhlachtaí agus Institúidí

Sa chló iodálach a bhíonn teidil leabhar agus irisí, *Cré na Cille*, *Comhar*, *The New Statesman* etc. Ní chuirtear aon infhilleadh, séimhiú ná úrú, i bhfeidhm ar theideal atá sa chló iodálach fiú nuair a d'éileodh an struchtúr gramadaí é sin:

Bhí sí ina heagarthóir ar *An tÉireannach* le linn an ama sin.

Chuir sé go láidir in aghaidh eagarthóir *Comhar* ag an gcruinniú.

Bhí alt faoi sin ar *An tUltach* anuraidh.

I gcás ainmneacha comhlachtaí, foilsitheoirí agus institiúidí caitear leo mar a bheadh ainmfhocail chinnte ann agus cuirtear an t-infhilleadh i bhfeidhm mar atá sna samplaí seo a leanas:

Leabhar de chuid Choiscéim a bhí ar an ngearrliosta.

Foilseacháin Chois Life is mó a díoladh.

Comhdháil faoi stair An Ghúim.

Foireann An Phoist a chuaigh ar stailc.

Bunú Chóras Iompair Éireann.

Ní bhaintear leas as an gcló iodálach i gcásanna dá léithéid.

I gcás teideal leabhar mór le rá a aistríodh go Gaeilge, ba cheart an teideal Gaeilge a thabhairt agus an bunteideal a thabhairt idir lúibíní ina dhiaidh, e.g. *An Geocach Duine Uasail (Le Bourgeois Gentilhomme).*

Sa chás gur teideal leabhar atá i gceist a foilsíodh ar dtús i dteanga nach mbaineann leas as an aibítir Rómhánach (e.g. an Rúisis) ach a bhfuil fáil agus cáil ar an leagan Béarla de, moltar an teideal Béarla a thabhairt, e.g. *Crime and Punishment.*

I gcás leabhair nach bhfuil leagan Gaeilge de ar fáil moltar an bunteideal amháin a thabhairt agus nach bhféachfaí le leagan Gaeilge den teideal a sholáthar e.g, *War and Peace (*seachas *Война и мир*ъ). An chúis atá leis sin gurb é is dóichí gurb é an leagan Béarla de na saothair sin is mó a chasfaí ar léitheoirí i siopaí leabhar na tíre agus mar thoradh ar chuardach a dhéanamh ar an ngréasán.

1.9 Teidil Ríthe, Naomh, etc

Tá leaganacha éagsúla de na teidil sin in úsáid go coitianta, *Louis XVI, an Rí Louis, Rí Louis, Louis Rí, Naomh Pádraig, Pádraig, Pádraig Naofa* agus mar sin de.

Tá de nós sa Ghaeilge gan an teideal a lua i gcás na naomh Pádraig, Bríd agus Colm Cille sa ghnáthchaint agus ní miste cloí leis an nós sin agus téacs á chur

in eagar. I gcásanna áirithe áfach beidh an teideal le lua le hainmneacha na naomh sin.

I dtaca le teidil ríthe, iarlaí agus a leithéid braitheann úsáid an teidil ar cé acu atá an t-ainm cáilithe nó nach bhuil – *Rí Louis* ach *Louis XVI*

Seo thíos roinnt samplaí de theidil, nó easpa teideal, a bheith in úsáid in abairtí éagsúla:

> Is í Naomh Bríd banéarlamh na hÉireann.
> Nuair a d'fhás Bríd aníos, shocraigh sí a bheith ina bean rialta.
> Rugadh Naomh Bríd i gCo. Dhún na nGall.
> Meastar gur ar an 17 Márta a fuair Naomh Pádraig bás.
> Deirtear gur bhain Naomh Pádraig úsáid as an tseamróg chun rúndiamhair na Tríonóide a theagasc.
> Chaith Pádraig sé bliana ar Shliabh Mis.
> Nuair a bhí Pádraig 16 bliana d'aois, ghabh foghlaithe Éireannacha é agus thug siad trasna na farraige é go hÉirinn mar sclábhaí.
> Bhí lánchumhacht ag Louis XVI.
> Bheartaigh Louis XVI go gcaithfeadh sé na cánacha a ardú le níos mó airgid a thabhairt isteach.
> Bhí cónaí ar Rí Louis agus Marie Antoinette i bpálás álainn taobh amuigh de Chathair Pháras i mbaile Versailles.

I gcás téacsleabhair moltar an teideal iomlán a thabhairt an chéad uair a luafaí an t-ainm ach go bhféadfaí é a fhágáil ar lár ina dhiaidh sin.

1.10 An réamhfhocal 'i/in' roimh fhigiúirí

Ba cheart an nósmhaireacht chéanna a chleachtadh i dtaca le 'i/in' roimh fhigiúirí is a dhéantar i gcás teideal leabhar, is é sin, 'in' a úsáid:

> . . . mar a rinne an Cadhnach in *Cré na Cille.*
>
> Cá mhéad ½ in 4?

1.11 An Réamhfhocal 'i/in/sa/san' roimh bhlianta, dhátaí etc

An réamhfhocal 'i' móide/gan an t-alt is coitianta a bhíonn in úsáid agus bliain ar leith á lua i dtéacsanna eolais. Tá an dá nós ann, *i 1939* agus *in 1939* mar shampla. Moltar cloí leis an leagan cinnte 'in' i ngach cás agus déileáil leis an mbliain féin mar aonad scoite neodrach. D'oirfeadh sé i dtéacsanna áirithe

chomh maith an fhoirm *sa bhliain XXXX* a úsáid. Seo a leanas an nós atá le cur i bhfeidhm:

In 1843 a tharla sé sin.

In 2001 a críochnaíodh é.

I gcás Aois agus Céad (sa chiall 'aois) agus roimh orduimhreacha a scríobhtar ina bhfigiúirí is ceart an t-alt a choimeád chun go mbeadh sé ar aon dul le húsáid na réamhfhocal eile e.g. *a fhad leis an 20ú hAois*.

sa 19ú Céad
san 11ú hAois
san 20ú hAois
san 8ú háit
san 11ú seomra

1.12 Dátaí a scríobh

Is iomaí nós atá á chleachtadh chun dátaí a scríobh, e.g. 24 Eanáir, an 24 Eanáir, 24ú Eanáir etc., agus bailíocht stairiúil ag baint leo ar fad.

I bhfoilseacháin an Ghúim cuirtear an t-alt (agus na forainmneacha réamhfhoclacha cuí, dá réir, *faoin, ón* etc.) roimh an dáta i gcónaí. A leithéid seo mar sin a bheidh le scríobh feasta:

ar an 24 Eanáir
ón 24 Bealtaine ar aghaidh

Ar cheann litreach is í an fhoirm lom a scíobhtar, áfach, i.e. 24 Eanáir 2016.
Níl an fhoirm '24ú' le húsáid in aon chor. Scíobhtar

ar an Domhnach, an 20 Samhain

1.13 Acrainmneacha, Giorrúcháin agus an tAlt

Déileáiltear le hacrainmneacha agus giorrúcháin amhail is dá mba ainmfhocail neodracha gan inscne iad. Úsáidtear an t-alt de réir mar is cuí.:

Bhí baill an CNCM i láthair.
Chuir APSS ina choinne go láidir.
Nuair a bunaíodh an AE ar dtús.
Ballstáit an AE.

Comhthionól TÉ.

I gcás acrainmneacha an Bhéarla moltar an t-alt (+ réamhfhocal) a úsáid freisin.

Ceannasaíocht an CIA.
Baill den FBI.

1.14 Giorrúcháin Ama agus Tagartha

Cloítear leis na giorrúcháin Laidine sna cásanna seo a leanas:

a.m. agus p.m. i gcúrsaí ama.
i.e.; ibid; op. cit.; et seq.; e.g. i gcúrsaí tagartha.

AD (na Laidine) a úsáidtear chun blianta i ndiaidh bhreith Chríost a chur in iúl. Roimh an mbliain a chuirtear AD, e.g.,

AD 432 a tháinig Pádraig go hÉirinn.

RCh an giorrúchán (Gaeilge) atá le húsáid chun blianta roimh an ré Chríostaí a chur in iúl. *I ndiaidh* na bliana a bhíonn RCh, e.g.,

Thart ar an mbliain 3000 RCh a tógadh Sí an Bhrú.

Is féidir, má oireann sé, an córas nua-aimseartha agus na giorrúcháin chuí a úsáid mar seo a leanas:

Comh-Ré – CR
Roimh Chomh-Ré – RCR

Nuair atá sé oiriúnach i gcomhthéacs ábhar an téacs a bheadh i gceist ba cheart córais dátaí eile a lua nó a mhíniú chomh maith. Ba chóir a lua i leabhar faoi chúrsaí reiligiúin mar shampla go bhfuil córais dhifriúla dátaí i bhfeidhm ag lucht leanta na reiligiún difriúil agus dátaí de réir na gcóras sin a lua taobh le dátaí an chórais thuasluaite.

Nuair is mian tréimhse deich mbliana ar leith a chur in iúl agus úsáid a bhaint as figiúirí is mar seo thíos a scríobhtar an giorrúchán:

Sna 1940idí, 1920idí etc.

1.15 Úrú agus séimhiú ar ghiorrúcháin i gcás chontaetha na hÉireann

I gcás an ghiorrúcháin 'Co.' is ceart imeacht ón ngnáthriail a bhaineann le giorrúchán (i.e. gan aon athrú tosaigh a chur orthu) agus an séimhiú agus an t-úrú a cheadú sa chás seo de réir mar is cuí, e.g.:

Bhí an nós sin forleathan i gCo. Shligigh.

Ó Cho. Chorcaí a tháinig siad an mhaidin sin.

Ní gá an giorrúchán a úsáid i gcónaí agus is féidir an focal iomlán 'Contae' a úsáid chomh maith céanna.

1.16 Uimhreacha agus Figiúirí

Tá nósanna an tí maidir le huimhreacha agus figiúirí a lua sonraithe in *Aguisín A*. Is gá cloí leis na treoracha seo i gcás téacsleabhar go háirithe. D'fhéadfaí nósanna ní b'ársa a úsáid i gcineálacha leabhar eile dá gceapfaí gurbh iad a bheadh oiriúnach.

1.17 Uimhreacha go dtí deich míle agus os a chionn

Leanann foilsitheoirí nósanna éagsúla maidir le huimhreacha os cionn míle agus os cionn deich míle a scríobh ag brath ar an gcineál foilseacháin a bhíonn i gceist. Is é an córas atá le húsáid i bhfoilseacháin de chuid an Ghúim ná gan aon chamóg a úsáid i gcás uimhreacha suas go dtí naoi míle naoi gcéad nócha naoi (é sin san áireamh) agus an chamóg a úsáid as sin suas.

4123 duine

10,145 saighdiúir

I gcás **cúrsaí airgid**, áfach, baintear leas as an gcamóg ón míle amach.

€1,456

$12,367

1.18 Ceannlitreacha

Úsáidtear ceannlitreacha nuair is teidil oifige, eagraíochta, nó tíre atá i gceist:

Taoiseach na hÉireann

Cumann na bhFeirmeoirí

An Afraic Theas

Ní úsáidtear ceannlitreacha nuair is tagairtí ginearálta atá i gceist áfach:

Ba é taoiseach na gcimí é.

Bhunaigh na feirmeoirí cumann chun a gcearta a chosaint.

Tharla an eachtra sin sa taobh thiar theas den Afraic.

1.20 An Chamóg

Ní féidir riail absalóideach a leagan amach a chuimseodh gach uile úsáid a bhainfí as an gcamóg. Is den tábhacht é abairtí a chur i gcomhthéacs a chéile nuair a bhítear ag breithniú úsáid na camóige. Tá cur síos cuimsitheach déanta ag Antain Mac Lochlainn sa leabhar *In Ord is in Eagar* (Cois Life: 2010) lch 114 *et seq.*, agus ní miste é sin a léamh i gcomhthéacs an liosta de shamplaí a cuireadh le chéile thíos de chásanna ina mbeadh an chamóg le húsáid beagnach i gcónaí. Tá cló trom ar na frásaí agus ar na focail a mbíonn camóg rompu nó ina ndiaidh de ghnáth.

Tráth den saol, ní mar sin a bhíodh.
Dhera, cuir uait an amaidí.
Ó, a thiarcais!
Fadó, bhíodh daoine ina gcónaí ar an oileán
Dá bhrí sin, b'éigean dó dul abhaile.
Mar sin, ní bheidh an dara rogha aici.
Cén sórt fón a bheidh againn amach anseo, **meas tú**?
Stad den amaidí sin, **maith an fear**.
Dún an doras, **le do thoil**.
Seo leat, **mar sin**.
Bhí púicíní á gcaitheamh acu ach aithním iad, **mar sin féin**.
B'in mar a bhí ag an am, **cinnte**.
Níl fúm dul ann arís, **dáiríre**.
Ghéill siad ar deireadh thiar, **mar is gnách**.
Ní dóigh liom é, **muise**.
'Nach bhfuil sé in am agatsa a bheith ag dul abhaile anois?' arsa Darach le Cóilín ansin. 'Tá,' arsa Cóilín. 'Suas leat ar mo dhroim, **más ea**,' arsa an dobharchú, 'agus tabharfaidh mé trasna na habhann arís thú.'

1.21 An Fleiscín

Is gá fleiscín sna cásanna seo:

1. Nuair a chuirtear an litir *t* nó *n* roimh fhocal dar tús guta más cás beag (litreacha beaga) atá ann: e.g. an t-arán, an t-uan, an t-athair, ár n-athair, ceol na n-éan, a n-uncail.

Ní chuirtear fleiscín ann nuair is cás mór (ceannlitir) atá sa ghuta: e.g. an tAthair, an tUachtarán, an tÉireannach, ár nAthair, bua na nÉireannach.

2. I gcomhfhocail nuair is guta atá i ndeireadh an chéad fhocail agus i dtús an dara focal: e.g. do-ite, fo-aicme, fo-áit, mí-ádh, mí-onóir, ró-óg, ró-íseal, so-oilte, so-ólta.

3. I gcomhfhocail nuair is é an consan céanna nó an grúpa consan céanna atá i ndeireadh an chéad fhocail agus i dtús an dara focal: e.g. gob-bhinn, droch-chaint, lag-ghlórach, béal-láidir, gnáth-thuarastal.

4. I gcás ina mbeadh doiléire ann mura mbeadh fleiscín ann: e.g. do-bhlasta, do-ghlactha, do-mhaite, fo-bhaile, fo-bhrat, sean-am, sean-ancaire, so-bhlasta, so-chaite, so-ghlactha, so-mharaithe.

5. I gcomhfhocail nuair is ceannlitir atá i dtús an dá fhocal: e.g. Ard-Aighne, Príomh-Aturnae.

6. (i) I ndiaidh na réimíre 'an-': e.g. an-mhór, an-bhreá, an-chluiche.

(ii) I ndiaidh na réimíre 'dea-': e.g. dea-bhean, dea-bhéasach, dea-chomhairle, dea-mhéin.

Tabhair faoi deara nach n-úsáidtear an uimhir iolra den aidiacht a mbíonn an réimír 'an-' roimpi.

Fir an-mhór ba ea iad.

N.B. Ní scríobhtar fleiscín i ndiaidh 'h' nuair a chuirtear roimh fhocal é, e.g. a haon, na hocht gcinn, le hithe, le hól, cá háit, cé hé, trí huaire, an tríú háit déag, ní hionann, le héirí na gréine, ar dheis Dé go raibh a hanam.

Glactar leis anois nach mbíonn fleiscín i gcomhfhocail a bhfuil brí aonadach ag baint leo: An Príomhfheidhmeannach, an Príomhoide agus mar sin de.

Is ceart **An Fleiscín Neamhbhristeach** a úsáid ar an ríomhaire nuair nach ceart an focal a bhriseadh ag deireadh líne in áit an fhleiscín, e.g. i gcás an fhocail 'in-athnuaite' ba cheart an focal a choimeád le chéile ar eagla na míthuisceana. In WORD is féidir fleiscín neamhbhristeach a aimsiú ach [CTRL + SHIFT + -] a bhrú.

Nóta: Is minic a tharlaíonn se go gcailltear an fleiscín neamhbhristeach (agus an spás neamhbhristeach) nuair a bhíonn téacs á iompartáil ó fhormáid Word

isteach i gclár deartha ar nós InDesign. Is gá bheith ag faire amach dá leithéid agus an próiseas sin ar bun.

Tá treoir níos mine i dtaobh úsáid na gceannlitreacha agus an fhleiscín i gcás teidil daoine le fáil sa leabhar *Maidir le do Litir* le Séamas Daltún (Eagrán nua, 1998).

1.22 Daiseanna

Dhá chineál daise a úsáidtear san fhoilsitheoireacht, mar atá an Ein-dais agus an Eim-dais. Is mar seo a aimsítear iad ar an méarchlár in WORD:

Ein-dais – [Ctrl + comhartha lúide agus Numlock ar bun]

Eim-dais — [Ctrl + Alt comhartha lúide agus Numlock ar bun]

An **ein-dais** is mó a úsáidtear. Is í is ceart a úsáid sna cásanna seo a leanas:

Nuair atá réimse ama nó raon nithe de shaghas ar bith á chur in iúl:

Luan – Aoine
8 – 10 mbliana
Corcaigh – Ciarraí

Nuair atá briseadh in abairt nó deireadh tobann i gcomhrá á chur in iúl:

Creidim – agus gan amhras ar bith orm – go bhfuil sé thart.

'Cá bhfuil an – '

N.B. Tabhair faoi deara go mbíonn spás ar gach taobh den ein-dais sna cásanna sin.

An **eim-dais** a úsáidtear i gcás liosta leabhar, nó ainmneacha daoine a mbeadh an t-ainm nó an teideal céanna le hathlua díreach i ndiaidh a chéile sa liosta:

Ó Tuama, Seán, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath, 1960)
— *Filí faoi Sceimhle* (Baile Átha Cliath, 1978)
— *An Grá i bhFilíocht na nUaisle* (Baile Átha Cliath, 1988)

1.23 Aonaid tomhais

An córas méadrach tomhais atá le húsáid sna téacsleabhair ach amháin nuair atá cúis ar leith lena mhalairt a dhéanamh. Cloítear leis na siombailí caighdeánacha idirnáisiúnta chun na haonaid tomhais a chur in iúl, e.g., km, kg, g, m, cm, mm, etc. Fágtar spás i gcónaí idir an figiúr agus an tsiombail:

5 km

1500 m

27 kg

14.5 cm

An t-aon uair nach mbíonn spás idir an figiúr agus an tsiombail is ea nuair a úsáidtear an comhartha céime ˚ chun teocht Celsius a chur in iúl – 56˚C.

1.24 Comharthaí athfhriotail

Comharthaí single athfhriotail a úsáidtear más comhrá atá i gceist nó má éilíonn focal nó frása éigin sa téacs iad. Más gá comharthaí athfhriotail a úsáid arís laistigh de shliocht a bhfuil comharthaí athfhriotail thart air cheana, úsáidtear comharthaí dúbailte athfhriotail. Seo thíos roinnt samplaí:

'Leag uait é sin,' ar sise.

'Leag uait é sin,' ar sise. 'Ní thabharfá "nuacht" air sin.'

Tabhair faoi deara sna samplaí thuas gur laistigh den chomhartha athfhriotail dúnta a chuirtear an chamóg nó an lánstad a thagann ag deireadh an tsleachta athfhriotail.

1.25 Gaelú ainmneacha/logainmneacha iasachta

Fágtar ainmneacha iasachta gan ghaelú mura bhfuil leagan seanbhunaithe díobh ann. Leantar an córas atá leagtha amach in *Atlas Bunscoile* (atheagrán, 2013). I gcás ainmneacha traslitrithe ó theangacha iasachta seachas an Béarla agus i gcás teangacha a bhaineann leas as aibítir eile seachas an aibítir Rómhánach, ba cheart comhairle an Choiste Téarmaíochta a fháil ina dtaobh – Stailín, Trotscaí agus a leithéid. Tá eolas faoin gcur chuige a bhíonn i bhfeidhm ag an gCoiste Téarmaíochta maidir leis na ceisteanna seo le fáil in *Lámhleabhar Téarmaíochta 2010* atá le híoslódáil ó leathanach an Choiste ar www.forasnagaeilge.ie

1.26 Réamhfhocail roimh ainmneacha iasachta dar tús guta

m.sh.:

le + Androcoles

do + Andrew

Ní chuirtear gnáthrialacha na gramadaí i bhfeidhm i gcásanna mar sin ach amháin sa chás go mbíonn traslitriú déanta ar an ainm. Dá bhrí sin:

le hAitéiné

ach

le Androcoles

1.27 Séimhiú i ndiaidh 'de', 'do', 'thart ar' i gcás frásaí áirithe.

Cuirtear an séimhiú i bhfeidhm mar is gnáth i bhfrásaí den sórt seo a leanas:

Tá achar **de thuairim** is 388,350 km^2 inti.

Is ann **do thuairim** is 10 dteanga Shámacha ar leith.

2. Cineálacha Éagsúla Foilseachán – Dearadh agus Leagan Amach

2.1 Na Réamhleathanaigh

Sa ghnáthshlí beidh leath-theideal, leathanach an teidil, leathanach an inphrionta ar a laghad i gceist sna réamhleathanaigh. Is gnách gur ar chúl leathanach an teidil a rachaidh an t-ábhar inphrionta. Is gá an nós seo a leanúint ach amháin i gcás leabhar do pháistí uaireanta nuair a d'éileodh líon na leathanach sa leabhar leagan amach éagsúil.

2.2 Leathanach an Inphrionta / chúl an teidil

Ag brath ar chineál an fhoilseacháin atá i gceist beidh leagan amach éagsúil ar leathanach an inphrionta nó ar leathanach chúl an teidil. Féach *Aguisin B* mar a bhfuil teimpléid éagsúla a bhaineann leis na foilseacháin éagsúla a bhíonn ar bun ag an nGúm.

2.3 Eangú

Ní ceart aon eangú a dhéanamh ar an gcéad pharagraf a thagann i ndiaidh teideal caibidle nó ranna laistigh de chaibidil. Is cóir eangú thart ar 1 cm (ag brath ar mhéid an chló, toisí an téacs etc.) a dhéanamh ag tús gach paragraif eile.

2.4 Dearadh clúdaigh

Teideal an leabhair, fotheideal (más ann dó), ainm an údair, sin a gcuirtear de ghnáth ar chlúdach tosaigh an leabhair. I gcás leabhair do pháistí a mbeadh maisitheoir i gceist cuirtear a (h)ainm siúd ar an gclúdach tosaigh chomh maith.

Bíonn blurba nó nóta eolais ar an gclúdach cúil agus má oireann nóta gairid beathaisnéise faoin údar (i gcás leabhar tagartha, leabhar eolais, úrscéil/cnuasach gearrscéalta).

Bíonn lógó an Ghúim sa chúinne ar chlé ag bun an chlúdaigh chúil agus é ailínithe le himeall clé an bhlurba nó an nóta eolais. Sa chúinne ar dheis cuirtear an barrachód agus é suite i mbosca bán a bhíonn ailínithe le himeall deas an bhlurba nó an nóta eolais.

Ní chuirtear lógó an Ghúim ar an gclúdach tosaigh.

Teideal an leabhair agus sloinne an údair a théann ar an droim agus ponc eatarthu mura féidir dóthain spáis a chur eatarthu. Bíonn 'G' tosaigh an lógó amháin i mbun an droma sa chaoi is go mbeidh sé inléite go hingearach agus an leabhar ina sheasamh ar sheilf.

2.5 Téacsleabhair Iar-bhunscoile: Gluais bun leathanaigh

I dtéacsleabhair iar-bhunscoile is nós gluais Gaeilge-Béarla de na téarmaí teicniúla a chur i mbun gach leathanaigh den téacs. Focail nó frásaí a bhfuil míniú orthu i mbun an leathanaigh féadtar réiltín faoi chló trom a chur rompu i gcorp an téacs féin chun é sin a chur in iúl. Más frása atá i gceist, is roimh an gcéad fhocal sa fhrása ba cheart an réiltín a chur. Ach ní gá cloí le nós an réiltín i gcónaí. Beidh socrú ar leith le déanamh maidir leis an ngluais i gcás gach aon téacsleabhar ar leith.

Cuirtear foclóir bunaithe ar théarmaí na gluaise i gcúl an leabhair agus na noda bunúsacha gramadaí ag gabháil leo.

2.6 Innéacs i dTéacsleabhair

I dtaca le focail atá le cur in ord aibítre in innéacs deireadh leabhair (ainmneacha Dílse san áireamh) moltar nós na bhfoclóirí a aithint agus foirm shimplí an fhocail amháin a thabhairt (e.g. maláire) móide an nod gramadaí. Beidh sé le feiceáil ón gcomhthéacs cé acu a bhíonn an t-alt le ceangal leis nó nach mbíonn. I gcásanna nach féidir an t-alt a scarúint uathu (An Mhuir Bhán, An Bheilg, an Bhanríon Méabh, etc) ba chóir nósmhaireacht *Atlas Bunscoile* a leanúint agus an t-ainm a chur in ord aibrítre, an 'h' san áireamh.

Muir Chairib

Mhuir Dhubh, An
Fhrainc, An

I gcásanna ina leanann 't' an t-alt (An tSionainn, An tAcht um Údarás Craolacháin, An tAire Gnóthaí Eachtracha, etc) is gá é sin a léiriú sa ghluais ach gan baint d'ionad aibítreach an bhunfhocail.

Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, An t
Oileán Nua, An t
Siúr Máire, an t
Sabóid, an t

Nóta: ní fhágtar camóg i ndiaidh an ailt ná an 't' agus iad san innéacs.

2.7 Úrscéalta do Dhéagóirí: Foclóirín

Cuirtear foclóirín Gaeilge-Béarla nó foclóirín Gaeilge-Gaeilge-Béarla i gcúl saothar ficsin do dhéagóirí agus é bunaithe ar na focail agus na nathanna a mheastar a mbeadh deacracht ag léitheoirí áirithe san aoisghrúpa sin leo. Ní mharcáiltear an téacs féin, is mar áis don léitheoir atá ina ghá a bhíonn an foclóirín ann.

An Fhoireann Eagarthóireachta
An Gúm
Foras na Gaeilge

Eanáir 2017

AGUISÍN A

Séimhiú agus Urú i ndiaidh Figiúirí
An córas simplí a thugtar ar an gcóras seo in *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (2016) (9.3.10, lch 152 *et seq.*)

1. Cuirtear séimhiú nó urú ar ainmfhocail i ndiaidh na bhfigiúirí 1-19:

3 bhuidéal	13 bhuidéal
7 mbuidéal	17 mbuidéal
9 mbliana	19 mbliana

Tá deacracht ag baint leis na huimhreacha 2 agus 4 mar bíonn foirm ar leith acu roimh ainmfhocail, i.e. *dhá* agus *ceithre*. Níor mhiste, ar an ábhar sin, iad a scríobh mar leanas i leabhair do naíonáin agus do na bunranganna:

2 (dhá) bhuidéal	4 (ceithre) bhuidéal

2. Ní chuirtear séimhiú ná urú ar ainmfhocail i ndiaidh na bhfigiúirí ó 20 amach:

23 buidéal	105 buidéal
27 buidéal	1761 buidéal
35 bliain	245 bliain

3. Déantar aidiachtaí a infhilleadh ar an ghnáthbhealach i ndiaidh na bhfigiúirí 1-19:

3 bhuidéal fholmha	13 bhuidéal fholmha
7 mbuidéal fholmha	17 mbuidéal fholmha

4. Cuirtear séimhiú ar aidiachtaí ag cáiliú ainmfhocail bhaininscneacha i ndiaidh bhfigiúiri ó 20 amach ach ní dhéantar aon infhilleadh eile:

23 buidéal folamh	99 cuid chothrom
61 bosca trom	185 caora dhubh

5. Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail i ndiaidh deachúlacha. Cuirtear séimhiú ar aidiachtaí ag cáiliú ainmfhocail bhaininscneacha:

3.5 buidéal folamh	99.9 cuid chothrom
17.3 buidéal folamh	108.7 uimhir chearnach

6. Mar seo a leanas a scríobhtar codáin:

¼ de bhuidéal folamh	⅓ de pháirc mhór
½ de bhuidéal folamh	⅞ de pháirc mhór

7. Nuair atá réimse uimhreacha á lua is í an riail ghramadaí a théann leis an uimhir dheireanach san aonad atá le cur i bhfeidhm ar an ainmfhocal a thagann ina diaidh, e.g.:

Do pháistí 10-12 bhliain an leabhar seo

Ar dhaoine san aoisghrúpa 6-9 mbliana atá sé dírithe.

AGUISÍN B

Teimpléid éagsúla a bhaineann le leathanach an Inphrionta nó leathanach chúl an teidil i bhfoilseacháin éagsúla.

Ní bheidh gach uile líne atá luaite sna teimpléid seo ag teastáil i ngach cás ach féachadh leis an oiread féidearthachtaí agus a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thabhairt. Is é an chéad teimpléad a thugtar (Bunteimpléad) an leagan réamhshocraithe agus is é an leagan amach atá rianaithe ann a bheidh le leanúint i gcás formhór mór na bhfoilseachán. Cuirtear gnéithe ábhartha as na teimpléid eile leis an teimpléad sin de réir mar is cuí.

Is iad na sainfhoilseacháin eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist ó am go chéile a thugtar ina dhiaidh sin.

Bunteimpléad

Leabhar Tagartha

Leabhar do Pháistí (Aistriúchán)

Bunleabhar do Pháistí

Buntéacsleabhar

Téacsleabhar (Aistriúchán)

[Bunteimpléad]

© Foras na Gaeilge, 2XXX

Dearadh agus leagan amach: XXX

XXX a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-XXX-X

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

[Leabhar Tagartha]

{© Foras na Gaeilge, 2XXX}
{XXX a chéadfhoilsigh faoin teideal YYY}
{XXX Ltd. a tháirg an buneagrán}
{Is aistriúchán é seo ar YYY a d'fhoilsigh XXX a chéaduair sa bhliain XXXX}
{Tá an scéal seo bunaithe ar smaoineamh …}

{An chéad eagrán XXXX}
{An dara heagrán XXXX}
{Athchló XXXX}

{An leagan Béarla © XXX, XXXX}
{An leagan Béarla © AN tÚDAR BÉARLA}
{An leagan Gaeilge © Foras na Gaeilge, 2XXX}
{An buntéacs agus na léaráidí © XXXX}
{Téacs © AN tÚDAR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR}
{Téacs © AN tÚDAR/ NA hÚDAIR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR/NA hÚDAIR}

{Léaráidí © AN tEALAÍONTÓIR/NA hEALAÍONTÓIRÍ}
{XXX a mhaisigh}
{XXX a rinne na léaráidí.}
{Dearadh agus leagan amach: XXX}
{XXX a rinne an leagan Gaeilge}

{Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí seo a leanas a thug cead dúinn íomhánna a úsáid: XXX}
{Iomhá an chlúdaigh: XXX}
{XXX a d'ullmhaigh na léarscáileanna.}

{Gabhaimid buíochas leis an Oifig Logainmneacha as foirmeacha údarásacha a sholáthar dúinn d'áitainmneacha na hÉireann.}

{Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.}
{Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn d'áitainmneacha domhanda.}

XXX Teo., {a chuir suas an cló} {a rinne scannán an chló} {in Éirinn}
{XXX a chlóbhuail} {in Éirinn} {sa XXX}{i Singeapór}

ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Crua*)
ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Bog*)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

[Leabhar do Pháistí (Aistriúchán)]

{An leagan Gaeilge © Foras na Gaeilge, 2XXX}
{XXX a chéadfhoilsigh in XXXX faoin teideal YYY}
{XXX Ltd. a tháirg an buneagrán}
{Is aistriúchán é seo ar YYY a d'fhoilsigh XXX a chéaduair sa bhliain XXXX}

{An chéad eagrán XXXX}
{An dara heagrán XXXX}
{Athchló XXXX}
{Athchló leasaithe XXXX}

{An leagan Béarla © XXX, XXXX}
{An leagan Béarla © AN tÚDAR BÉARLA}
{An buntéacs agus na léaráidí © XXXX}
{Téacs © AN tÚDAR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR}
{Léaráidí © AN tEALAÍONTÓIR}
{XXX a mhaisigh}
{Dearadh agus leagan amach: XXX}
{XXX a rinne an leagan Gaeilge}

XXX Teo., {a chuir suas an cló} {a rinne scannán an chló} {in Éirinn}
{XXX a chlóbhuail} {in Éirinn} {sa XXX}{i Singeapór}

ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Crua*)
ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Bog*)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

[Leabhar do Pháistí (bunleabhar)]

{© Foras na Gaeilge, 2XXX}
{Tá an scéal seo bunaithe ar smaoineamh …}

{An chéad eagrán XXXX}
{An dara heagrán XXXX}
{Athchló XXXX}
{Athchló leasaithe XXXX}

{An buntéacs agus na léaráidí © XXXX}
{Téacs © AN tÚDAR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR}
{Léaráidí © AN tEALAÍONTÓIR}
{XXX a mhaisigh}
{Dearadh agus leagan amach: XXX}

XXX Teo., {a chuir suas an cló} {a rinne scannán an chló} {in Éirinn}
{XXX a chlóbhuail} {in Éirinn} {sa XXX}{i Singeapór}

ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Crua*)
ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Bog*)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

[Bun-téacsleabhar]

{© Foras na Gaeilge, 2XXX}
{XXX Ltd. a tháirg an buneagrán}

{An chéad eagrán XXXX}
{An dara heagrán XXXX}
{Athchló XXXX}
{Athchló leasaithe XXXX}

{An buntéacs agus na léaráidí © XXXX}
{Téacs © AN tÚDAR/ NA hÚDAIR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR/NA hÚDAIR}
{Léaráidí © AN tEALAÍONTÓIR/NA hEALAÍONTÓIRÍ}
{XXX a mhaisigh}
{Dearadh agus leagan amach: XXX}
{Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí seo a leanas a thug cead dúinn íomhánna a úsáid: XXX}
{Iomhá an chlúdaigh: XXX}
{XXX a rinne na léaráidí.}
{XXX a d'ullmhaigh na léarscáileanna.}
{Gabhaimid buíochas leis an Oifig Logainmneacha as foirmeacha údarásacha a sholáthar dúinn d'áitainmneacha na hÉireann.}
{Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.}
{Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn d'áitainmneacha domhanda.}

XXX Teo., {a chuir suas an cló} {a rinne scannán an chló} {in Éirinn}
{XXX a chlóbhuail} {in Éirinn} {sa XXX}{i Singeapór}

ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Crua*)
ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Bog*)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

[Téacsleabhar (Aistriúchán]

{XXX a chéadfhoilsigh faoin teideal YYY}
{XXX Ltd. a tháirg an buneagrán}
{Is aistriúchán é seo ar YYY a d'fhoilsigh XXX a chéaduair sa bhliain XXXX}

{An chéad eagrán XXXX}
{An dara heagrán XXXX}
{Athchló XXXX}
{Athchló leasaithe XXXX}

{An leagan Béarla © XXX, XXXX}
{An leagan Béarla © AN tÚDAR BÉARLA}
{An leagan Gaeilge © Foras na Gaeilge, 2XXX}

{Téacs © AN tÚDAR} {Coincheap agus téacs © AN tÚDAR}
{Léaráidí © AN tEALAÍONTÓIR}
{XXX a mhaisigh}

{XXX a rinne an leagan Gaeilge}

XXX Teo., {a chuir suas an cló} {a rinne scannán an chló} {in Éirinn}
{XXX a chlóbhuail} {in Éirinn} {sa XXX}{i Singeapór}

ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Crua*)
ISBN 978-1-85791-XXX-X (*Bog*)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.cnagsiopa.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1